

Ceacht Fabraice agus Snáithín le Ranganna 3 go dtí 6 'Fuáil Chruthaitheach' Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclam:</u>	Fabraic agus Snáithín (Curaclam Amharcealaíona Igh. 58, 76)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Féidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheáin don chur in iúl samhlaíoch a fhiosrú (Igh. 58, 76) Déan píosaí beaga airgtheacha i bhfabraic agus snáithín (Igh. 58, 76)</i>
<u>Nasc:</u>	Líníocht > Bain triail as marcanna, línte, cruthanna, uigeachtaí, patrúin agus tuineacha is féidir a dhéanamh le huirlisí éagsúla Líníochta ar réimse dromchlaí (Ich. 48) ag léiriú íogaireacht agus rialú méadaithe (Ich. 66) Péint agus Dath > Déan dath a fhionnachtan sa timpeallacht radhairc agus tabhair aird ar dhifriochta datha agus éagsúlachtaí tuine trí dhathanna a mheascadh (Ich. 50) <i>Déan patrún agus rithim a fhionnachtan i nithe nádúrtha agus saorga a fhionnachtan (Ich. 68)</i> Prionta > Réimse níos leithne de theicnící déanamh priontaí a úsáid chun priontaí téamabhunaithe nó neamhthuairisciúla a dhéanamh (Ich. 52) <i>Úsáid feidhmchlár ealaíne ríomhaire chun íomhánna bunaidh nach bhfuil ag brath ar fháiscealaín a chruthú (Ich. 70)</i>
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	Teanga Labhartha: <i>Cuir tús le comhrá agus freagair do thograí dhaoine eile agus tú ag caint faoi eispéiris agus gníomhaíochtaí (Ich. 38) Pléigh smaointe agus coincheapanna ar thángthas orthu i réimsí eile den churaclam (Ich. 53)</i> Eolaíocht: <i>Breathnaigh, aithnigh agus fiosraigh na hainmhithe agus na plandaí a mhaireann sa timpeallacht áitiúil (Ich. 62); Breathnaigh agus fiosraigh bealaí ina mbíonn iompar plandaí agus ainmhithe faoi thionchar ag coinníollacha timpeallachta nó ag oiriúnú dóibh (Ich. 84)</i> Tíreolaíocht: <i>Scrúdaigh éagsúlachtaí aimsire i rith na bliana agus a dtioncahr ar phlandaí, ainmhithe agus daoine (Ich. 58); Fiosraigh an gaol atá idir aeráid agus beatha phlandaí, ainmhithe agus daoine (Ich. 81)</i> Matamaitic: <i>Aithnigh siméidreach líne sa timpeallacht (Ich. 74)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

- Ag Tosú:** Bain úsáid as dathanna uisce fuar leis na leanaí chun píosaí Heisean A3 nó A4 i méid, a dhathú. Tá roinnt dathanna gleoite ar fáil sa raon Dylon agus tá sé an-éasca iad a úsáid sa seomra ranga. Féach ar an gclár '*Dath a chur le Fabraic*' ar an DVD leis na leanaí chun bealaí a fheiceáil chun dath a chur le fabraicí chun pictiúir/appliqués a dhéanamh.
- Ábhair Riachtanacha:** Píosa A3 nó A4 Heiseán do gach leanbh
Olanna agus snáthanna éagsúla
Blúisí fabraicí
Snáthaidí olla nó bóidicíní
PVA
Péinteanna fabraice agus scuabanna
- Spreagadh:** Feithidí agus Damháin Alla - "Féach ar phictiúir d'fhéileacáin, de snáthaidí móra agus feithidí ildathacha eile le sciatháin. Féach mar a athdhéantar patrúin a gcuid sciatháin agus chomh hálainn agus chomh hildathach is atá siad. Féach ar líonta damhán alla, féach mar a athdhéantar na patrúin, chomh fíneálta agus chomh láidir is atá siad. Píoc ceann acu seo mar inspioráid chun d'appliqué a dhéanamh."
- Gníomhaíocht:** Roghnaíonn na leanaí téama dá n-appliqué, agus ansin píocann siad píosa den Heiseán daite mar chúlra. Le holanna éagsúla, féadfaid siad a ndearadh nó a bpatrún a fhuáil ar an Heiseán. Is féidir fabraicí eile a fhuáil nó a ghreamú air chun dath agus uigeacht a chur leis an bpíosa. Spreag na leanaí chun labhairt faoina bhfuil á dhéanamh acu, má tá aon deacracht acu agus conas atá siad á shárú. B'fhéidir gur mhaith leo péinteanna fabraice a úsáid freisin chun dathú

a dhéanamh. Nuair a bhíonn siad réidh, b'fhéidir gur mhaith leo a gcinnlitreacha a fhuáil. Cuir a saothar ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil.

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun labhairt faoina bhfuil ar siúl acu, faoi na snáthanna atá pioctha acu agus cad é a mbarúil faoi na huigeachtaí agus na patrúin atá cruthaithe acu. Spreag iad chun ceisteanna a chur ar a chéile agus smaointe a mhalartú.

Gníomhaíochtaí breise:

D'fhéadfadh na leanaí dathanna uisce fuar a úsáid chun t-léinte a cheangal agus a dhathú. Tá sé an-éasca é a dhéanamh agus is breá le leanaí a gcuid deartha féin a chaitheamh.

Féidearthachtaí TCF:

Tugann Iarsmalann Victoria agus Albert deis do leanaí a dteicstíl féin a dhearadh!
http://www.vam.ac.uk/vastatic/microsites/british_galleries/designa/textile/textile.html

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid:

Tugann na cláir *Fabraic agus Snáithín* deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag úsáid fabraicí agus snáithíní chun pictiúir, fíodóireachtaí, puipéidí agus feistis a dhéanamh.

Nóta:

Mar atá le feiceáil i gceann de na cláir *Fabraic agus Snáithín*, d'úsáideamar buicéad maonáise mar fholcadh datha agus rialóir chun na fabraicí a chorráil sa dath. Is breá le leanaí an urlabhra cruinn a úsáid don teicníc seo, agus mar sin seachas "an buicéad a chraitheadh" bhí gliondar orthu "an folcadh datha a chorráil". Bíonn bialanna sásta na buicéid seo a thabhairt uathu mar go n-úsáideann siad a lán díobh agus níl na dathanna costasach.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Louis le Brocquy
 Christo agus Jean-Claude

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Suíomh Idirlín na bhFeileacán, mar a bhfuil bailiúchán ollmhór d'fhéileacáin agus de leamhain.

<http://butterflywebsite.com/gallery/index.cfm>

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Lous le Brocquy agus féach ar a tháipéisí iontacha

<http://www.anne-madden.com/LeBPages/Tapestry90thcelebration.html>

Suíomh oifigiúil Christo agus Jeanne-Claude, a bhfuil cáil orthu as foirgnimh agus séadchomharthaí móra a chlúdach le fabraicí

<http://www.christojeanneclaude.net>

Tabhair cuairt ar an dánlann fíodóireachta agus lása seo chun samplaí d'fhíodóireacht láimhe as gach cearn den domhan a fheiceáil.

<http://www.handweaving.net/GalleryList.aspx>

Tugann an leathanach nasc seo in Iarsmalann Victoria agus Albert a lán deiseanna chun foghlaim faoi theicstílí.

http://www.vam.ac.uk/collections/furniture/textiles_links/index.html

Is tairseach é Scoilnet chuig a lán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga
<http://www.scoilnet.ie>